**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta*

**2023/0222(NLE)**

8.11.2023

***

# DRÉACHTMHOLADH

ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí, thar ceann an Aontais, idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil i dtaca le foraoisí adhmaid agus táirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach (FLEGT)
(COM(2023)0383 – C9-XXXX/2023 – 2023/0222(NLE))

An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

Rapóirtéir: Karin Karlsbro

***Eochair do na siombailí a úsáidtear***

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

# DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí, thar ceann an Aontais, idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil i dtaca le foraoisí adhmaid agus táirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach (FLEGT)**
**(COM(2023)0383 – C9-XXXX/2023 – 2023/0222(NLE))**

**(Toiliú)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an 13 Iúil 2023 le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil táirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach i dtaca le foraoisí (FLEGT) (COM(2023)0383),

– ag féachaint don dréacht-Chomhaontú Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair i ndáil le forfheidhmiú an dlí maidir le foraoisí, rialachas agus trádáil táirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach (XXXX/2023),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 207(3), an chéad fhomhír agus Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v) agus le hAirteagal 218(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-XXXX/2023),

– ag féachaint do rún neamhreachtach uaithi an ... [1] maidir leis an togra le haghaidh cinneadh.

– ag féachaint do Riail 105(1) agus (4), agus do Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Fhorbairt,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A9-0000/2023),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Phoblacht an Chósta Eabhair.

---

[1] téacsanna arna nglacadh an dáta sin, P9_TA(0000)0000.